

# Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Polasaí Obair Bhaile 2016

## Ráiteas Tosaigh

Rinneadh an polasaí seo la athbhreithniú i rith mí Meán Fómhair 2015. Bhí an fhoireann teagaisc, an Bord Bainistíochta, na tuismitheoirí agus na daltaí rannpháirteach ann.

## Réasúnaíocht

Tá sé riachtanach polasaí i leith obair bhaile a chumadh ag an bpointe seo :

*Chun cur síos beacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta reatha i leith obair bhaile sa scoil.*

*Chun cumarsáid dearfach baile/scoile a chur chun cinn.*

*Chun go gcuirfeadh an obair bhaile le ráta foghlama an pháiste.*

*Chun cothromaíocht ábhair agus éagsúlacht tascanna a chur chun cinn i ngach rang sa scoil.*

## Gaol le spiorad tréitheach na scoile

Cuirimid romhainn i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh a chur ar chumas gach linbh forbairt de réir a acmhainn féin. Spreagann obair bhaile daltaí chun oibre go neamhspleách agus forbraíonn sé freagracht iontu as a gceachtanna féin..

## Aidhmeanna

Cur chuige comhchosúil a chur chun cinn maidir le hobair bhaile na ranganna uile

Na ceangail idir an baile agus an scoil a threisiú

## Treoirlínte

Is cóir 'Treoir don Tuismitheoir' maidir le hObair Bhaile atá foilsithe ar [www.scoiluidhalaigh.ie](http://www.scoiluidhalaigh.ie) agus sa Dialann Oibre a léamh anuas ar na treoirlínte seo thíos.

Is faoin tuismitheoir/caomhnóir cúram a dhéanamh den obair bhaile. Ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil an obair déanta ar chaighdeán sásúil gach oíche.

Ba chóir go mbeadh 'Trealamh Tarrthála' – peann luaidhe, scríosán, rialóir srl sa bhaile ag gach tuismitheoir.

Má fhágann dalta an fillteán/cóipleabhar/dialann obair bhaile ar scoil, ba chóir do dhaltaí Naí - Rang 1 léitheoireacht éigin cuí a dhéanamh. Ba chóir do dhaltaí i ranganna 2-6 dul i dteangbháil le dalta eile sa rang chun na tagairtí don obair bhaile a fháil, má's féidir leo.

## Cur Chuige:

1.

Tugtar obair bhaile do na ranganna go léir ach is sa dara théarma a thugtar do Rang Naí Shóisir é den chéad uair. Tugtar treoracha beachta do thuismitheoirí na Naíonán Shóisir faoi conas tabhairt faoin obair bhaile ag an am chéanna is a sheoltar obair abhaile den chéad uair.

Deintear freastal ar éagsúlacht chumais na ndaltaí agus an obair bhaile á dháileadh. Is léitheoireacht amháin a thugann an Múinteoir Oideachais Speisialta mar obair bhaile.

Tugtar níos mó obair léitheoireachta agus obair scríofa ná obair ó bhéil. Bíonn éagsúlacht tascanna san obair a thugtar, ina measc léitheoireacht, obair scríofa, foghlaim ó bhéil, dir tionscnaimh, taighde, gníomhaíochtaí praiticiúla, litriú agus sonraí a bhailiú de réir mar a oireann do na rangleibhéil éagsúla.

Cuirtear stíleanna foghlamtha il-éirime san áireamh agus obair bhaile á thabhairt do pháistí.

Go hiondúil, feictear an obair bhaile mar threisiú ar an obair a dhéantar sa seomra ranga, ach ó am go chéile is obair ullmhúcháin a thugtar mar cheacht baile.

Déantar an obair bhaile a mhíniú go soiléir do na daltaí roimh ré. Is faoin oide aonair a córas féin a chur i bhfeidhm sa rang maidir le cathain a scríobhtar obair bhaile síos.

Tugtar obair bhaile gach lá ó Luan go Déardaoin de ghnáth. Is féidir le hoidí obair bhaile a thabhairt don deireadh seachtaine, go mór mhór do na ranganna sinsireacha. Is féidir le hoidí eisceachtaí a dhéanamh den obair bhaile de réir mar a oireann di féin m.sh. laethanta breithe agus ócáidí speisialta.

o Is féidir le daltaí nach bhfuil rochtain acu ar TF agus ar leabhair thagartha sa bhaile na háiseanna sin a úsáid sa scoil idir 2.30 agus 3.30 i.n. ach cead a iarraidh ar an oide ranga.

<b>Rang</b>	<b>Uasfhaid a mholaimid</b>
Naíonáin	10-15 nóiméad
Rang a 1/Rang a 2	20-30 nóiméad
Rang a 3	45 nóiméad
Rang a 4	1 uair a chloig
Rang a 5/Rang a 6	1.5 uair a chloig

Úsáidtear obair bhaile mar chuid de chóras na luach saothair/smachtbhannaí mar shampla is féidir le daltaí Pas Obair Bhaile a ghnóthachtáil agus is féidir iarraidh ar dhaltaí obair bhaile bhreise a dhéanamh mar chuid de chúiteamh ar shárú na gcaighdeán iompair atá leagtha síos sa Chód Iompair.

### **Dialann Oibre Bhaile:**

Bíonn fillteán [ póca pleaisteach A4] obair bhaile ag na Ranganna Naíonán, Cóipleabhar Obair Bhaile agus fillteán do bhileoga oibre ag Rang a hAon agus dialann obair bhaile ag Ranganna 2-6.

Táthar ag súil go mbreacfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí an méid ama a caitheadh ar an obair bhaile agus go síneoidh siad é gach oíche- Naíonán – bileog, Rang 1- Cóipleabhar, Ranganna 2-6 Dialann.

Déanfaidh múinteoirí seiceáil ar na bileoga/cóipleabhair/dialanna obair bhaile go rialta .

### **Obair bhaile a cheartú:**

Deineann na múinteoirí an obair bhaile a sheiceáil agus a cheartú go rialta.

Is féidir daltaí a chur ag ceartú obair a chéile faoi stiúir an oide.

Tugtar aitheantas d'iaracht chomh maith le do ghnóthachtáil- úsáidtear stampaí, réaltaí, nótaí molta, duaiseanna beaga srl.

### **Obair Bhaile gan déanamh/gan a bheith ar chaighdeán sásúil.**

Mura ndéantar an obair bhaile ar bhonn rialta nó má tá sé míshlachtmhar go minic, scríobhtar nóta gairid chuig an tuismitheoir san áit chuí. Deighleálfaidh oidí le cásanna aonair de réir mar a shíleann siad féin agus ar bhealach atá oiriúnach d'aois an pháiste.

D'fhéadfadh go ndéanfaidh an dalta cúiteamh ar cheann de na bealaí seo:

An obair a dhéanamh an oíche sin anuas ar obair bhaile an lae reatha.

Fanacht istigh ón gclós ag am lóin agus an obair a dhéanamh

An obair bhaile nach ndearnadh a dhéanamh ag an deireadh seachtaine

Más léir don oide go bhfuil pátrún ag dalta gan obair bhaile a bheith déanta nó gan é a bheith slachtmhar, fiosróidh siad an scéal go príobháideach leis na tuismitheoirí/caomhnóirí d'fhonn iarracht teacht ar réiteach na faidhbe.

### **Ginearálta:**

#### **Scileanna Staidéar**

Bímid ag súil go mbeidh na scileanna staidéir a mhúintear do dhaltáí sa rang ina chabhair dóibh agus iad i mbun obair bhaile. 'Do Pháiste sa Bhunscoil' – treoir do thuismitheoirí.

Tógtar i gcónaí cúinsí teaghlaigh san áireamh nuair a shanntar tascanna nó gníomhaíochtaí áirithe do dhaltáí mar chuid dá n-obair bhaile.

### **Daltáí:**

Bíonn sé de dualgas ar an ndalta an obair bhaile a thugtar di/dó a dhéanamh ar an gcaighdeán is fearr a bhfuil sé in ann.

Má bhíonn fadhb aici/aige le hobair bhaile, ba cheart dó cabhair a lorg ó dhuine fásta. Má tá deacracht fós ag an ndalta, ba cheart dó an obair a fhágáil gan déanamh agus nóta mínithe óna thuismitheoir a thabhairt don mhúinteoir an mhaidin dar gcionn. Tá na treoracha seo sa dialann obair bhaile agus mínítear go rialta do na daltaí iad.

Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta comhaontaithe maidir le hobair bhaile tríd an Leabhrán do Thuismitheoirí/Pholasaí seo agus an Dialann Oibre Scoile.

Má bhíonn deacracht leis an obair bhaile ba chóir do thuismitheoirí nóta a scríobh don oide i bhFillteán obair bhaile na Naíonán, cóipleabhar obair bhaile Rang 1, nó sa Dialann Ranganna 2-6, de réir mar a oireann.

## **Critéir Rathúlachta**

Aiseolas ó mhúinteoirí, ó dhaltáí agus ó thuismitheoirí

Cleachtaí sásúla obair bhaile ag daltaí

### **Feidhmeanna agus Freagracht**

Bíonn freagrachtaí sonracha ar gach dalta, ar na tuismitheoirí/caomhnóirí, ar na hoidí ranga agus ar an bpríomhoide do na gnéithe den bheartas seo a bhaineann leo.

### **Dáta Cur i bhFeidhm**

Cuirfear na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ón 06/01/2016

### **Tráthchlár le hAthbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo i rith na scoilbliana 2017/2018 nó níos túsce más gá é sin a dhéanamh.

### **Daingniú agus Cumarsáid**

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ag cruinniú dar dáta 20/01/2016. Cuireadh pobal na scoile ar an eolas trí ríomhphost .

Síniú : \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Natasha Ní Phreastúin, Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta